**Caingean arna tabhairt an 15 Eanáir 2026 – an Spáinn v an Coimisiún**

**(Cás T-28/26)**

(C/2026/1355)

*Teanga an cháis: an Spáinnis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Ríocht na Spáinne (ionadaithe: A. Gavela Llopis, L. Aguilera Ruiz agus S. Núñez Silva, Gníomhairí)

*Cosantóir:* an Coimisiún Eorpach

**An t-ordú átá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— Airteagail 11 agus 12, a mhéid gurb infheidhme iad, de Chinneadh C (2025) 7357 ón gCoimisiún Eorpach an 6 Samhain 2025 lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir le cur chun feidhme Airteagal 27 de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Airteagal 12(1) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh a chur ar neamhní;

— a ordú don Choimisiún Eorpach na costais a íoc, a mhéid gur chuir sé i gcoinne na caingne seo.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir dhá shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí, lena n-éilítear sárú ar Airteagal 9 CAE, ar Airteagal 18 CFAE agus ar Airteagal 1d de na Rialacháin Foirne, i gcomhar le hAirteagal 21 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, trí phrionsabal an chomhionannais agus an neamh-idirdhealaithe maidir le rochtain ar fhostaíocht phoiblí san Aontas Eorpach a shárú, ina léiriú ar neamh-idirdhealú ar fhorais náisiúntachta agus aoise. Níl údar leordhóthanach leis an sárú sin agus níl sé comhréireach.

   Leis an gcinneadh atá faoi chonspóid, trí chead a thabhairt, ag an gcéim dheireanach de na nósanna imeachta roghnúcháin foirne (arb í céim na hearcaíochta í), tús áite a thabhairt d'iarrthóir ar bhonn a náisiúntachta i gcás ina bhfuil tuillteanas comhionann aige, trí theorainn a chur, ar an bhforas sin amháin – náisiúntacht Ballstáit eile a bhfuil ionadaíocht níos mó aige – leis na féidearthachtaí a bhaineann le hiarrthóir eile. Is ionann Airteagal 11(b) den chinneadh atá faoi chonspóid agus idirdhealú ar fhorais náisiúntachta.

   Ar an gcaoi chéanna, tá tabhairt isteach na féidearthachta spriocanna earcaíochta bunaithe ar náisiúntacht a chur i bhfeidhm (Airteagal 11(d) den chinneadh atá faoi chonspóid) ag sárú phrionsabail an chomhionannais agus an neamh-idirdhealaithe ar bhealach níos tromchúisí agus níos follasaí. Sa chás sin, ina theannta sin, chuirfeadh cineál doiléir agus sách ginearálta an bhirt ar chumas an Choimisiúin na nósanna imeachta earcaíochta agus fiú roghnúcháin a eagrú, faoi lánrogha leathan, leis an aidhm tús áite a thabhairt d'iarrthóirí ó Bhallstáit atá faoi ghannionadaíocht gheografach.

   Dá bhrí sin, measann Ríocht na Spáinne, trí bhearta den sórt sin a leagan síos in Airteagail 11 agus 12 dá Chinneadh, lena gceadaítear idirdhealú atá míchuí agus díréireach go follasach chun cuspóir a shaothrú, atá dlisteanach i bprionsabal, amhail cothromaíocht gheografach a bhaint amach, gur sháraigh an Coimisiún Airteagal 18 CFAE, i gcomhar le hAirteagal 21 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, agus Airteagail 1d agus 21.1 de na Rialacháin Foirne, agus gur cheart, dá bhrí sin, iad a chur ar neamhní.

2. An dara saincheist dlí, lena n-éilítear sárú ar phrionsabal an fhiúntais maidir le rochtain ar fhostaíocht phoiblí, dá bhforáiltear in Airteagal 27 de na Rialacháin Foirne, ní cheadaítear leis an ngá atá le bearta éifeachtacha a ghlacadh chun aghaidh a thabhairt ar éagothroime gheografach prionsabal an fhiúntais a aisghairm nó a chreimeadh mar chritéar chun foireann a earcú i seirbhís an Aontais Eorpaigh.

Trí fhoráil a dhéanamh do bhearta as a dtiocfaidh srian trí nósanna imeachta earcaíochta a eagrú ar bhonn critéir náisiúntachta, nó trí tús áite a thabhairt do náisiúnaigh Ballstáit ar leith i gcásanna tuillteanais comhionainne, tá sárú ar phrionsabal an fhiúntais i roghnú na foirne i gceist leis an gcinneadh atá faoi chonspóid nó, in aon chás, ceadaítear an méid sin leis.

Measann Ríocht na Spáinne gur léir go sáraítear Airteagal 27 de na Rialacháin Foirne le hAirteagail 11 agus 12 den chinneadh atá faoi chonspóid a mhéid nach gcuirtear san áireamh leo critéir a bhaineann le tuillteanais iarrthóirí, ach go dtugtar tús áite leo dá stádas mar náisiúnaigh de Bhallstáit áirithe atá faoi ghannionadaíocht gheografach agus iad á n-earcú. Is ionann an cur chuige sin agus mainneachtain na hoibleagáidí a fhorchuirtear le hAirteagal 27 ar na hinstitiúidí agus a bhfoireann á n-earcú acu a chomhlíonadh go cuí, arb é atá ann critéir a chur san áireamh a bhfuil dlúthbhaint acu le fiúntas agus le leasanna na seirbhíse, rud a d'fhéadfadh cúlchiste post ar bhonn náisiúntachta a bheith mar thoradh air *de facto*.

Meastar freisin go bhfuil bunús agus spreagadh an-difriúil ag na cúiseanna le míchothromaíochtaí geografacha agus, dá bhrí sin, gur gá bearta iomchuí a ghlacadh chun cás den sórt sin a leigheas, nach ionann iad agus tús áite a thabhairt don náisiúntacht mar chritéar cinntitheach earcaíochta, a sháraíonn, mar a leagtar amach sa chéad saincheist dlí, dlí príomha agus tánaisteach an Aontais, agus nach n-éiríonn leis sa tástáil chomhréireachta arna bunú ag an gCúirt Bhreithiúnais i réimse na srianta ar rialacha bunúsacha an Aontais.